# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Lá Eolais 2022




Ar an 3ú Márta, d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir Lá Eolais don dá iarbhunscoil atá sa gceantar agus do phobal Chonamara Láir. Ba ócáid iontach agus rathúil a bhí ann agus táthar thar a bheith sásta leis an slua a tháinig isteach go dtí Ionad Pobail Chill Chiaráin. Tugadh deis tábhachtach do scoláirí agus an pobal eolas a bhailiú san aon áit amháin maidir le gairmeacha éagsúla, eolas ar chúrsaí atá á n-ofráil ag institiúidí tríú leibhéal agus printíseachtaí.

Bhí dhá sheisiún i gceist le haoichainteoirí aitheanta agus spreagúil. Chuir an Fear an Tí, Dara Ó Maoilchiaráin, príomhoide Scoil Phobail Mhic Dara agus cathoirleach den Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga, tús leis an ócáid trí fáilte a chuir roimh gach duine. Thug Hannah Ó Tuairisg, atá ag obair sa Rannóg Pleanála Teanga le hÚdarás na Gaeltachta, eolas faoin bpleanáil teanga féin. Ansin, bhí an t-ádh linn gur d'oscail Anna Ní Ghallachóir, Cathaoirleach Bord Údarás Na Gaeltachta, an ócáid go hoifigiúil.




Bhí Pádraig Ó Céidigh ar láthair ar stáitse chomh maith agus thug sé óráid spreagúil agus cumhachtach os comhair na ndaoine. Bronnadh ciseáin álainn, a d'ullmhaigh Tigh Chadhain, mar chomhartha buíochais ar Anna, Hannah agus Pádraig.

Thosaigh an dara seisiún ag an dara seisiún tar éis sólaistí. Sheas Fiona Ní Fhlaitheara, láithreoir aimsire TG4 agus ball de Choiste Stiúrtha, isteach mar Bhean an Tí don seisiún seo. Bhí Norita Ní Chartúir mar aoichainteoir agus d'inis sí faoina saol féin

agus labhair sí go diongbháilte faoi thábhacht ár dteanga agus na deiseanna atá le fáil i saol na Gaeilge.

Chun deireadh a chuir leis na tráthnóna, sheol Máirín Ní Choisdealbha-Seoige agus Bríd Ní Thaibhís cúrsa nua, Cúrsa Nualaíocht Fhuinnimh, a bheas á reáchtáil sa gceantar agus thug siad le fios go bhfuil siad ag glao ar léiriú spéise faoi láthair.




Ba mhaith le foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir an deis seo a thógáil chun buíochas ó chroí a ghlacadh leis na scoileanna, na príomhoidí, múinteoirí agus scoláirí, agus daoine ón bpobal a tháinig isteach chugainn. Ba mhaith linn buíochas mór a ghlacadh freisin le gach duine a chuir leis an ócáid nó a thug cúnamh an imeacht a eagrú:

- Na hionadaithe ó gach institiúid, eagrais agus eile a thaistil ó chian agus ó chóngar chun a bheith linn
- Na haoichainteoirí iontacha a bhí ar stáitse agus le Anna Ní Ghallachóir a d'oscail an ócáid go hoifigiúil
- Coiste Halla Pobail Chill Chiaráin
- Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir
- Forbairt Chonamara Láir
- Ollmhargadh Tigh Mhic Dhonnchadha
- Tiománaí bus
- Ar ndóigh, Scéimeanna Fostaíochta Pobail Chonamara Láir a thug an-cúnamh an áit a réiteach agus le tae, sólaistí a sheirbheáil



# Óstán Chuan Charna chun a dhoirse a oscailt do mhuintir na hÚcráine




**Tá an rialtas, Fáilte Éireann agus eagraíochtaí eile ag impí ar óstlannaithe agus seirbhísí lóistín eile áit a chur ar fáil do dhaoine ón Úcráin atá ag éalú ón gcogadh sa tír sin.**
**Ar an 21ú Márta, rinne Karl agus Mary Rodgers, úinéirí Óstán Chuan Charna, an cinneadh ollmhór go bhfuil siad chun 25 seomra san óstán a chur ar fáil ar feadh trí mhí do dhaoine a theith as an Úcráin. Dúirt siad gur "cinneadh deacair a bhí ann an t-óstán a chur ar fáil mar gur raibh orthú áirithintí a chur ar ceal ach go gceapann siad gur cheart dóibh cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu faoi láthair".**

**Tá foireann an óstáin ag lorg cúnamh ón bpobal solárthairtí práinneacha a bhailiú agus a fhágáil istigh acu chun tacaíocht agus fáilte a chur roimh ár gcomharsana Eorpacha.**
**Bhailigh úinéirí Tigh Mhic Dhonnchadha earraí pearsanta cheana féin ón siopa agus thug siad siar chuig an óstán iad.**
**Labhair Máirín Ní Choisdealbha-Seoige ar Iris Aniar maidin lá cheana agus dúirt sí go bhfuil sé 'dochreidte an méid glaonna atá ag teacht isteach ó mhuintir an phobail atá ag iarraidh cúnamh a thabhairt'.**
**Thug sí le fios ar an gclár go bhfuil teagmháil déanta le heagraíochtaí agus rannóga éagsúla chun iad a chur ar an eolas go bhfuil na hÚcránaigh ar an mbealach agus go mbeidh tacaíocht ag teastáil. Mhínigh sí go n-aontaímid ar fad go gcaithfimid oibriú as lámh a chéile le déanamh cinnte go gcuirfidh muid fáilte rompu agus lámh an chairdis a shíneadh amach'.**



# Féile Lá Pádraig

**Bhí an pobal in ard-spiorad agus iad amuigh ag ceiliúradh paráid Lá Fhéile Pádraig don chéad uair le dhá bhliain i gCill Chiaráin. Caithfear é a rá go raibh na flótaí ar fad thar barr! Bhí giota beag don paráid ar Nuacht TG4 an tráthnóna sin freisin. Ansin, bhí seisiún bhreá ceoil ar siúl i gcarrchlós Tigh Mhic Dhonnchadha Comhghairdeas mór leis na buaiteoirí:**

- **Club Mara Chonamara Láir**
- **Lucht an Honda 50**
- **Leipreachán Mhuighinse**

















# Gradam Alumni bronnta ar Neansaí Ní Choisdealbha

**Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Gradam Alumni don Ghaeilge ar Neansaí Ní Choisdealbha, Eagraí Ceoil RTÉ Raidió na Gaeltachta, ar an 6ú Nollaig 2021.**
**Seo mar a labhair Neansaí linn faoina héacht:**

Cuireann sé áthas orm agus is mór an onóir dom gur bronnadh an gradam seo orm. D'fhreastal mé féin ar an ollscoil ar feadh ceithre bliana siar sna hochtóidí agus caithfidh mé a rá gur bhain mé an-sásamh as mo chuid laethanta ansin. Bhí sé ar nós a bheith sa mbaile i ndáiríre mar chuir mé aithne ar dhaoine fiú ar an gcéad lá. Is faiteach go deimhin an chéad lá a ndeachaigh mé isteach trí gheataí na hollscoile.  Bhí mise tar éis freastal ar scoileanna beaga Gaeltachta agus mo oideachas ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge mar sin bhí sé deacair aghaidh a thabhairt ar an ollscoil, áit a raibh formhór de na leachtaí ag an am i mBéarla. Go deimhin, tháinig mé i dtaithí ar sin tar éis tamaill agus is breá liom cloisteáil go bhfuil chuid is mó de na cúrsaí ar fáil in Gaeilge anois. Is dócha go raibh an ollscoil báúil do lucht na Gaeltachta mar bhí muid ar imeall na Gaeltachta i ndairíre agus bhíodh go leor de mhuintir na Gaeltachta, as Conamara, Tír Chonaill agus as Corca Dhuibhne, ag freastal ar an ollscoil i nGaillimh. Chuir mé aithne ar go leor acu agus go leor acu ina mbuanchairde go dtí an lá atá inniu ann. Bhain mé an-taitneamh as an ollscoil féin, an cúrsa a ndearna mé staidéar air, cúrsa eolaíochta, agus ansin an Ard-Dioplóma san Oideachas agus ina dhiaidh sin, ar ndóigh, chuir muid aithne ar a chéile trí chúrsaí sóisialta freisin.Cuireann sé áthas orm go bhfuil ceangal agam go fóill leis an ollscoil le mo chuid oibre le Raidió na Gaeltachta mar chaith mé roinnt blianta thiar in Áras Mháirtín Uí Chadhain agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus muid ag cur cartlann iomlán Raidió na Gaeltachta ar an gcóras digiteach, agus rinne mé roinnt oibre freisin ar chartlann Joe Burke, cartlann a bhronn seisean ar an ollscoil. Is dóigh liom go raibh suim i gcónaí ag lucht na hollscoile i nGaillimh i gcúrsaí cultúrtha ó thaobh na teanga, ó thaobh an cheoil agus eile, agus is breá liom go bhfuil an ceangal sin agam go fóill leis an ollscoil. Freisin, ar ndóigh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Raidió na Gaeltachta a thug an deis dom a bheith ag craoladh i nGaeilge agus a bheith ag obair le mian mo chroí, sin ar ndóigh ceol traidisiúnta na hÉireann, agus an deis atá agam é sin a chur chun cinn tríd na cláracha ceoil. Is dócha go mbíonn go leor daoine ag éisteacht leis an raidió agus go gcuireann siad aithne ar an nGaeilge tríd an gceol agus is teanga dá cuid féin é an cheol, teanga idirnáisiúnta, agus mar sin táim an-bhródúil as an deis atá agam an Ghaeilge agus an cheol a chur chun cinn. Tá mé an-bhuíoch do choiste roghnaithe na hollscoile a cheap go raibh an gradam seo tuillte agamsa i mbliana. Tá súil agam go bhfuil sé tuillte agam, agus go raibh maith agaibh."

**Is cinnte go bhfuil sé tuillte go maith ag Neansaí, bail ó Dhia uirthi, agus ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas ó chroí a dhéanamh léi.**

# FIONTRAITHE NUA NA GAELTACHTA




Beidh an cheardlann seo á stiúradh ag Ailish Irvine, ó Irvine Training, Comhairleoir Gnó agus Traenálaí.
Dírithe ar úinéirí agus bainisteoirí Gnó, áireofar sa cheardlann seo meascán tascanna agus cur i láthair le neart deiseanna ceisteanna a chur.
Beidh an ceardlann 2 uair ar líne seo go dtuigeann rannpháirtithe an Canbhás Samhail Gnó.

- Tairiscintí sárluacha a thógáil
- Príomhchodanna den mhargadh custaiméirí a aithint
- Poist, pianta agus gnóthachain do chustaiméirí a thuiscint
- An bealach ceart custaiméara a roghnú le haghaidh do tháirge agus do thionscal
- An leibhéal ceart caidrimh a choinneáil lenár gcustaiméirí
- Na príomh-acmhainní agus gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun tacú lenár múnla gnó a leagan amach
- Anailís a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le deiseanna comhpháirtíochta éagsúla
- Struchtúir chostais éagsúla a chur i bhfeidhm

## *Lá Domhanda na Leabhar*






Bhí an-spraoi ag daltaí Scoil Náisiúnta Naomh Treasa ar an gCaiseal agus iad gléasta suas mar na carachtair is fearr leo ó leabhair éagsúla chun Lá Domhanda na Leabhar a cheiliúradh. Bhí Lá Domhanda na Leabhar 25 bliain ar an bhfód ar an 3 Márta, 2022. Den chéad uair le blianta bhí leabhar Gaeilge ar cheann de na roghanna a bhí ar fáil do léitheoirí óga. Bhí eagrán speisialta de CLUASA CAPAILL AR AN RÍ ar cheann de na roghanna i mbliana.- leabhar atá scríofa ag Bridget Bhreathnach, scríbhneoir cailiúil as Rosmuc, agus maisithe ag Shona Shirley Macdonald.





# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'



Aoi na míosa: Anne Uí Dhonnacha, Oifigeach Pleanála Teanga Chonamara Láir

1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort? Anne Bheilbhigh & Anne Chóilín Phat Mháirtín.
2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort? Camus Iochtair
3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge? Is bua í an Ghaeilge agus ní bac, agus tá an t-ádh orainn anseo i gConamara go bhfuil an seoid seo tugtha dhúinn ónar sinsir. Tugann an Ghaeilge ár bhféiniúlacht fhéin dhúinn agus ní mhaith liom go ligfidh muid síos ár dteanga dhúchais agus gach a dteann lei, ár gcultúr, ár dtraidisiúin agus ár n-oidhreacht.
4. Ar fhás tú suas in sa ceantar seo? Rugadh i Sasana mé ach d'fhill muid ar Chamus nuair a bhí mé trí bliana d'aois.
5. An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth? Chaith mé os cionn scór bliain i mBostún agus thaitin sé thart cionn liom ach bhí Camus i gcónaí i mo chroí. Níl aon áit chomh álainn, chomh suaimhneach agus chomh speisialta. 'In áit a bhfuil do chroí, tabharfaidh do chosa thú'.
6. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge? Nuair a tháinig mé ar ais abhaile i 2009, is beag a cheap mé go mbeadh deis agam post tré Ghaeilge a fháil. Tá an t-ádh orm go bhfuil post agam mar Oifigeach Pleanála Teanga ag cur chun cinn na Gaeilge agus dhá chaomhnú don chéad ghlúin eile.
7. Céard é an béile is fearr leat? Dinnéar deas rostaí.
8. Céard é an boladh is fearr leat? Boladh arán baile san oigheann agus éadach triomaigh amuigh faoin aer.
9. Céard é an deoch is fearr leat? Gloine fíon dearg.
10. Cén bialann is mó a thaitníonn leat? Bialann in Óstán Conamara Sands
11. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat? Is breá liom ag siúl agus ag tabhairt isteach an nádúr agus an timpeallacht.
12. An t-am den bhliain is fearr leat? An tEarrach mar go mbíonn muid ag tnúth leis an nádúr a bheith le feiceáil ag fás agus an lá ag dul i bhfad.
13. An saoire is mó cuimhní agat ar? Thug mé fhéin agus mo chlann cuairt ar an bPortaingéil I 2018 agus thaitin sé tharr barr linn.
14. Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann? Is maith liom gach saghas ceol, ach caithfidh mé ará go ceol tíre is fearr liom éisteacht leis.
15. Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat? Irisleabhar áitiúla agus ina dhiaidh sin dírbheathaisnéisí
16. An noiméad don lá is fearr leat? Deireadh an lae agus fios agam go ndearna mé mo dhícheall is fearr do aon duine a d'iarr aon rud orm.
17. An rud is mó a ghoileann ort? An truailliú ar thaobhanna na bóithre.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Molly Ní Dhonnacha a bhuaigh comórtas mhí an Mhárta. Tógadh an pictiúr álainn den uan óg seo ar an Áird Mhóir.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas Aibreán chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

*Seo mar a scríobh Liam Mac Con Iomaire faoi Mhuighros ina leabhar 'Camchuairt Chonamara Theas':*
*Maighros (nó Maioras mar a fheicim scríofa amanta é) an t-ainm atá ar an gcéad bhaile fearainn eile ó thuaidh agus is léir gur magh, machaire (garraí/páirc) réidh, agus ros, ceann tíre nó píosa de thalamh ard, atá i gceist.*

## Seanfhocal na Míosa:

***Is iomaí cor a chuireann an Márta de***

**Bí i dteagmháil linn!**


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.